M. 57T

**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do leabhar(i) freagraí ag deireadh an scrúdaithe nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2004

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH, MAIDIN, 9.30 am go dtí 12.30 pm**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT**

**(A)** **Ocht gceist as Roinn 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar Ghnó Feidhmeach i Roinn 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara le do thoil dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

**Cuimhnigh gur gá an páipéar scrúdaithe seo a chur ar ais leis an leabhar freagraí atá á úsáid agat chun Roinn a 2 agus Roinn 3 a fhreagairt.**

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2004

## Gnó – Ardleibhéal

## ROINN 1 – CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an Páipéar Scrúdaithe seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabhar freagraí.**

**1.** Déan idirdhealú idir 'Eadráin' agus 'Idir-réiteach'.

(i) Eadráin ____________________

____________________

____________________

(ii) Idir – réiteach ____________________

____________________

____________________

**2.** Bíonn lámh ag 'Infhiontraí' in:

____________________

____________________

____________________

____________________

**3.** Léirigh do thuiscint ar an téarma "Creidmheas Cánach"

____________________

____________________

____________________

____________________

**4.** Dréachtaigh **meamram** (memo), agus tú ag baint úsáide as formáid chuí, chuig gach bainisteoir ranna ag moladh dhá ábhar do lá traenála bainistíochta a bheidh ar siúl go luath.

**5.** Léirigh an bhrí atá le "Téarmaí Tagartha".

**6.** (i) Minigh an chúis go n-áireodh gnóthas Cóimheas Fiachais / Gnáthscair.

(ii)

| | 2003 |
|---|---|
| Iasachtaí fadtéarma | 100,000 |
| Gnáth Scairchaipiteal | 50,000 |
| Cúlchistí | 25,000 |
| Rótharraingtí | 15,000 |

**Oibriúcháin**

Áirigh an Cóimheas Fiachais/Gnáthscair don bhliain 2003: ________: ________
Taispeáin na h-oibriúcháin go léir.

**7.** Ainmnigh agus léirigh trí chineál táirgeachta.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

(iii) ______________________________

______________________________

**8.** Liostaigh ceithre institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

**9.** Úsáidtear 'Staidéar Indéantachta' chun:


______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**10.** Ar an Chairt Mheá ar Mheá thíos taispeáin go soiléir an méid seo a leanas:
Líne Costais Iomlán, Líne Ioncaim, Lamháil Sábháilteachta, Líne Costais Seasta, Pointe Meá ar Mheá.




**CUIMNIGH AR AN BPÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

## ROINN 2
**(80 Marc)**

**Ceist éigeantach is ea í seo.**

# Ceist ar Ghnó Fheidhmeach.

### Peadar Palmor

Shroich Peadar Palmor Éire ó Oirthear na hEorpa sa bhliain 1991, é ar bheagán Béarla labhartha agus é ar ghannchuid airgid. Bhí céim Ollscoile aige áfach san Innealtóireacht agus ba ghairid dó post a fháil le duine a raibh seal maith caite aige ag forbairt áitrimh i mBaile Átha Cliath. Chuaigh na smaointe úra agus an chumas a bhí ann dul i ngleic le fadhbanna i gcion ar a fhostóir. Bhí muinín ag Stiúrthóir Bainistíochta an ghnóthais as cumas Pheadair deiseanna a thabhairt faoi deara, luach a chur ar na deiseanna sin agus foghluim go tapaidh.

Bhí Peadar uaillmhianach agus d'oibrigh sé go ráthúil don ghnóthas ach mhothuigh sé go raibh níos mó uaidh. Chabhraigh a fhostóir leis gnó comhairlitheach agus innealtóireachta foirgníochta a bhunú agus thug a chéad chonradh dó. Chinntigh an ráchairt a bhí ar ghnó na tógála in Éirinn gur fhás an gnó go tapaidh agus tháinig conarthaí isteach ó ghnóthais eile a thug faoi deara scileanna teicniúla Pheadair agus an dearcadh "*go dtig liom é a dhéanamh"* a bhí aige.

Tá dúshláin ag goilliúint ar Pheadar anois i mbainistíocht an ghnó, go háirithe i ndéileáileacha atá aige lena fhostaithe féin, le hineisteoirí agus le solátharaithe. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil sé de shíor faoi bhrú agus tá eagla air go dtosóidh sé ar bhotúin thromchúiseacha a dhéanamh. Tuigtear dó go bhfuil sé ag obair an iomarca uaireanta an chloig sa ló agus go bhfuil sé ag tabhairt oibre abhaile leis ag an deire seachtaine. Tá fonn air an bealach ina maireann sé a fheabhsú.

Sa ghearrthéarma agus sa bhfadthéarma araon, is mian leis úsáid níos fearr a bhaint as a chuid ama agus fuascailtí éifeachtachta a fháil ar a chuid fadhbanna. Tá an fhreagracht phearsanta atá ag Peadar don ghnóthas thar barr agus chuirfeadh sé fáilte roimh mholtaí a fheabhsódh bainistíocht a ghnóthais sa todhchaí.

**(A)** Mínigh, agus léiriúcháin á dtabhairt agat ón eolas thuas, ceithre scil fiontraíochta **agus/nó** tréithe a thaispeáineann Peadar. (20 marc)

**(B)** Is tusa comhairleoir gnó Pheadair. Dréachtaigh tuairisc ghairid do Pheadar ag taispeáint dó na fuascailtí atá ar na dúshláin ag teacht roimhe. (30 marc)

**(C)** Déan measúnú ar scileanna bainistíochta Pheadair agus í mar aidhm feabhas a chur ar a ghnóthas agus ar an slí ina maireann sé féin. Tabhair tacaíocht dod fhreagra tré thagairt don téacs thuas. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 Marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, agus dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1

# Daoine i nGnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine nGnó**

**Ceist 1**

Léigh an teolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.

***Creideann Príomhfheidhmeanach Fiontraíochtaí Mecca, gnólach náisiúnta i ngnó an chaithimh aimsire, go bhfuil an-tábhacht le dea-chaidrimh sa ghnó. Cabhraíonn dea-chaidrimh le fuascailt choimhlintí idir eagraíochtaí gnó. Mothaíonn sí faoi láthair áfach go bhfuil baol an-ard ann maidir le coimhlint leanúnach sa todhchaí.***

**(A)** Déan cur síos ar chaidreamh comhoibritheach agus ar chaidreamh iomaíoch a bheadh de ghnáth idir Mecca agus eagraíochtaí gnó eile. (20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar ról an Stiúrthóra um Fhiosruithe Comhionannais maidir le coimhlintí i gcúrsaí gnó a réiteach. (20 marc)

**(C)** Faoi théarmaí an Achta um Chaidreamh Tionscail 1990 mínigh
**(i)** Na cúiseanna a bhíonn le haighnis thrádála dlithiúla

**<u>NÓ</u>**

Faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/93 mínigh
**(ii)** Na bunúis atá le dífhostú a ceaptar a bheith éagórach. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

**Ceist 2**

**(A)** Agus úsáid á mbaint agat as samplaí, déan anailís ar ról rialtas na hÉireann agus é ag cruthú aoráide timpeallachta oiriúnach do fhiontraíochtaí gnó sa stát. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar dhá chúis go n-athródh fiontar gnó a struchtúr eagrúcháin thar thréimhse ama. Bain úsáid as léirithe/samplaí chun cur le do fhreagra. (20 marc)

**(C)** Mínigh an chúis go molfá leagan amach Cuideachta Theoranta phríomháideach mar chineál eagraíochta gnó do fhiontraíocht nua gnó. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

**Ceist 3**

*Tá a lán deiseanna agus dúshláin ann do gheilleagar na hÉireann sa timpeallacht idirnáisiúnta. Tá an geilleagar go mór faoi thionchar an chumais atá i ngnóthais Éireannacha earraí a táirgtear in Éirinn a dhíol ar mhargaí thar lear agus freisin ó na dúshláin atá ann dóibh ó iomathóirí eachtrannacha.*

**(A)** Sainmhínigh Margaíocht dhomhanda.
Déan cur síos ar an ról atá ag Margaíocht dhomhanda sa ghnó idirnáisiúnta. (20 marc)

**(B)** Mínigh, agus úsáid á mbaint agat as samplaí, an tionchar atá ag cuideachtaí Thrasnáisiúnta in Éirinn. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar dhá dheis gnó atá ann do ghnó Éireannach i measc na margaí sin atá 'ag forbairt' e.g. san Aontas Eorpach. (20 marc)

**(60 marc)**

**CUIMNIGH AR AN BPÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

| **Bainistíocht** |
|---|

### Ceist 4

**(A)** Tabhair sainmhíniú ar 'Eagrú'.
Léirigh an tábhacht a bhaineann le heagrúchán maith chun go ndéanfadh fiontar gnó dul chun cinn.
(15 marc)

**(B)** Déan measúnú ar conas mar chabhraíonn dhá chineál áirithe pleanála le rath a bheith ar ghnó nó ar fhiontar pobail. Bain úsáid as samplaí id fhreagra. (20 marc)

**(C)** Dréachtaigh clár agus miontuairiscí a bheadh ann de ghnáth, do CGB chuideachta theoranta.
(25 marc)

**(60 marc)**

| **Ról Athraitheach an Bhainisteora** |
|---|

### Ceist 5

**(A)** Mínigh conas mar atá Cumhachtú Oibrithe agus Bainistíocht Cháilíochtaí Iomláine tar éis ról bainisteoirí a athrú. (20 marc)

**(B)** Rianaigh na buntáistí atá ann d'fhostaithe oibriú mar fhoireann in eagraíocht ghnó.
(20 marc)

**(C)** Maidir le fiontar gnó,léirigh conas mar a chuireann tabhairt isteach na teicneolaíochta isteach ar

**(i)** Chostais ghnó
agus ar
**(ii)** Dheiseanna Gnó an fhiontair. (20 marc)

**(60 marc)**

## Bainistíocht

### Ceist 6

**(A)** Chun go mbeadh bainistíocht mhaith airgeadais ag baint le gnóthas léirigh an bhuntáiste a ghabhann le:

**(i)** Cuntas Brabúis agus Caillteanais
agus
**(ii)** Clár Comhardaithe. (20 marc)

**(B)** **(i)** Déan anailís ar threochtaí bhrabúsachta agus leachtachta i gComhlacht Tógála Calty Tta. ag baint úsáide as dhá chóimheas i ngach cás ó na figiúirí do 2002 agus 2003.

**(ii)** Déan moladh ar chonas mar a d'fhéadfaí na treochtaí a fheabhsú.

| | 2002 | 2003 | |
|---|---|---|---|
| *Sócmhainní Reatha* | 15,900 | 16,800 | |
| *Brabús glan* | 15,100 | 12,285 | |
| *Scairchaipiteal* | 100,000 | 105,000 | |
| *Dliteanais Reatha* | 8,100 | 7,400 | |
| *Stoc ar Deireadh* | 9,100 | 12,400 | |
| *Ollbhrabús* | 45,150 | 40,950 | |
| *Tuilleamh Coinnithe* | 20,000 | 21,000 | |
| *Díolacháin* | 169,500 | 157,500 | (40 marc) |

**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 7

*Siad príomhchuspóirí na margaíochta ná a chinntiú go mbainfidh an fiontar gnó amach na h-ioncaim atá riachtanach chun na spriocanna brabúis a bhaint amach.*

**(A)** Sainmhínigh Taighde Margaidh.
Mínigh na cúiseanna go dtógfadh fiontar gnó an cúram sin (taighde margaidh) orthu féin. (25 marc)

**(B)** Déan anailís ar dhá theicníocht a bhaineann le taighde Margaidh a mbainfeá úsáid astu i gcomhair táirge nó seirbhís ded rogha féin. (20 marc)

**(C)** Mínigh an bhuntáiste atá ann do fhiontar gnó an coincheap margaíochta a ghabháil chuige féin. (15 marc)

**(60 marc)**

**CUIMNIGH AR AN BPÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH
BÁN